



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Iúil 2023
(OR. en)

11725/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0226(COD)

AGRI 395
AGRILEG 135
ENV 835
CODEC 1348

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus táirgí bia agus beatha - <i>Cur i láthair ón gCoimisiún</i> - <i>Seisiún tuairimíochta</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta cúlra ón Uachtaránacht don seisiún tuairimíochta maidir leis an ábhar thuasluaite a bheidh ann ag an gcrúinniú den Chomhairle ('Talmhaíocht agus Iascach') an 25 Iúil 2023.

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus an bia agus an bheatha a eascraíonn astu, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/625

Nóta cúlra ón Uachtaránacht

An 5 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Rialacháin maidir le teicnící géanómaíocha nua (NGT)¹, mar chuid den ‘Phacáiste Bia agus Bithéagsúlachta’. Is é is aidhm don togra é a chur ar chumas tionscal agraibhia an Aontais rannchuidiú le cuspóirí nuálaíochta agus inbhuanaitheachta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na straitéisí ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ agus na straitéisí bithéagsúlachta, chomh maith le hiomaíochas an tionscail a fheabhsú, agus leibhéal ard cosanta sláinte agus comhshaoil á choinneáil ag an am céanna.

Ó glacadh reachtaíocht reatha an Aontais maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe (OGM) in 2001, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le NGTanna a fhorbairt, lenar féidir athruithe níos spriocdhírithe, níos beaichte agus níos tapúla a dhéanamh ar shaintréithe géiniteacha plandaí, le hais gnáththeicnící pórúcháin. Ina theannta sin, ní thugtar isteach le teicnící áirithe ‘DNA eachtrach’, i.e. DNA ó speiceas nach féidir leis an bplanda crospheir le, agus ní féidir táirgí a eascraíonn as sin a idirdhealú ó na táirgí a fhaightear trí ghnáthmhodhanna.

In 2018, rialaigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le teicnící nua só-ghinis, a tháinig chun cinn nó a forbraíodh den chuid is mó ó glacadh Treoir 2001/18/CE², go dtagann siad faoin reachtaíocht maidir le OGManna agus go bhfuil siad faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos inti.

¹ 11592/23 + ADD 1

² Treoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe a scaoileadh d’aon ghnó sa chomhshaol agus lena n-aisghairtear Treoir 90/220/CEE ón gComhairle

Chun na ceisteanna praiticiúla a ardaíodh le rialú na Cúirte a shoiléiriú, ghlac an Chomhairle Cinneadh in 2019 bunaithe ar Airteagal 241 CFAE³, inar iarradh ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh i leith stádas NGTanna faoi dhlí an Aontais, mar aon le togra, dá mb'iomchuí i bhfianaise an staidéir.

Chuir an Coimisiún an staidéar sin faoi bhráid na Comhairle in 2021⁴. An 27 Bealtaine 2021, bhí seisiún tuairimíochta ag na hairí talmhaíochta faoi chonclúidí an staidéir agus chomhaontaigh siad go ginearálta gur ghá an reachtaíocht reatha maidir le NGT a nuachóiriú⁵.

Ag eascairt as dlúthchomhairliúchán a rinne sé leis na geallsealbhóirí agus leis an bpobal, agus bunaithe ar an obair eolaíoch a rinne a Airmheán Comhpháirteach Taighde agus a Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, tá an togra thuasluaite le haghaidh rialachán maidir le NGT tíolactha ag an gCoimisiún anois freisin.

Ní áirítear le raon feidhme an togra maidir le NGTanna ach NGTanna só-ghinis agus cisginis spriocdhírithe. Thairis sin, déantar plandaí a fhaightear le haon NGT lena dtugtar isteach ábhar géiniteach ó speicis nach bhfuil in-trasnaithe ('DNA coimhthíoch) a eisiamh ó raon feidhme an togra agus rialaítear fós go hiomlán iad leis an reachtaíocht maidir le OGManna.

³ Cinneadh (AE) 2019/1904 ón gComhairle an 8 Samhain 2019 lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh i bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-528/16 i leith stádas teicnící géanómaíocha nua faoi dhlí an Aontais, agus togra, más iomchuí i bhfianaise thorthaí an staidéir

⁴ 8285/21

⁵ 9022/21

Rialaítear dhá chatagóir éagsúla phlandaí NGT sa togra:

- Plandaí NGT a bhféadfadh a modhnú tarlú go nádúrtha nó a fháil trí ghnáthphóru ('plandaí NGT chatagóir 1'). Tá siad faoi réir nós imeachta fíorúcháin sula scaoiltear d'aon ghnó iad agus sula gcuirtear ar an margadh iad. Tá plandaí agus táirgí NGT Chatagóir 1 díolmhaithe ó cheanglais na reachtaíochta maidir le OGManna. Rialaítear iad faoin reachtaíocht eanála agus na creataí cothrománacha is infheidhme chun cosaint sláinte agus comhshaoil a áirithiú. Ina theannta sin, ar mhaithe le trédhearcacht agus an tsaoirse chun roghnú a fheabhsú, liostófar i mbunachar sonraí poiblí iad. Déanfar ábhar atáirgthe plandaí a lipéadú mar NGT chatagóir 1 agus déanfar tagairt don stádas sin sna catalóga coitianta de chineálacha plandaí.
- Plandaí NGT nach plandaí NGT chatagóir 1 iad ('plandaí NGT chatagóir 2'), le modhnuithe níos casta, ar an gcoinníoll nach bhfuil 'DNA coimhthíoch' iontu. Tagann an chatagóir seo faoin reachtaíocht reatha maidir le OGManna le hoiriúnuithe teoranta do mhodhanna braite, modheolaíochtaí measúnaithe riosca agus ceanglais faireacháin. Cé nach mór lipéadú a dhéanamh ar phlandaí NGT chatagóir 2 mar OGM, d'fhéadfadh sé go n-áireofaí ar a lipéid faisnéis faoin tsaintréith a léirítear leis an modhnú NGT chun trédhearcacht agus faisnéis an tomhaltóra a mhéadú. Thairis sin, is féidir le plandaí NGT chatagóir 2 ag a bhfuil saintréithe a d'fhéadfadh cur le córas agraibhia inbhuanaithe tairbhe a bhaint as dreasachtaí áirithe. Foráladh freisin do dhreasachtaí breise nuair is FBM é an fógróir nó an t-iarratasóir. Níl plandaí NGT a bhfuil saintréithe luibhicídfhulangacha acu incháilithe do na dreasachtaí sin. Ní féidir leis na Ballstáit diúltú do shaothrú phlandaí NGT chatagóir 2 ar a gcríoch, i gcodarsnacht leis an reachtaíocht maidir le OGManna.

Tá toirmeasc ar phlandaí NGT chatagóirí 1 agus 2 araon agus ar a dtáirgí sa táirgeadh orgánach.

Measann an Uachtaránacht gurb úsáideach plé a sheoladh ag an gComhairle sula gcuirfear tús leis an scrúdú teicniúil, chun díriú ar phríomhchodanna an togra. Chuige sin, cuireann an Uachtaránacht na ceisteanna seo a leanas chun tosaigh lena plé:

Na ceisteanna atá le plé:

Cad é do mheas ar an togra i gcomhthéacs córas agraibhia inbhuanaithe athléimneach a áirithiú? Cé na gnéithe den togra is tábhachtaí dar leat?
